

❁ An Lúibín ❁

31 Bealtaine 2013

Ealaín nua

Suíomh nua: [Nua-Ealaín](#), áis a ceapadh chun na hamharcealaíonna comhaimseartha a chur á bplé trí Ghaeilge. Tá léirmheasanna agus agallaimh le healaíontóirí ann, agus eolas ar thaispeántais reatha. Tá siad ar [facebook](#) freisin.

Ba bhrea leo scríbhneoireaí Gaeilge a dhul i dteagmháil leo, go háraithe má tá suim ar leith acu sna hamharcealaíona comhaimseartha. Beidh sraith chomórtais scríbhneoireachta ar an ábhar seo ar siúl acu i gceann cúpla mí. Ó Ealaín na Gaeltachta agus ó Fhoras na Gaeilge a fhaigheann siad tacaíocht.

Féach: <http://nuaealain.wordpress.com/>

cid:ii_13ed3a24509cbe33



Aip shóisialta

Tá aip ann anois d'fóin chliste a chuireann ar chumas Gaeilgeoirí dul i dteagmháil lena chéile.

Diaga Teo a cheap í agus é d'aidhm acu nasc a dhéanamh idir Gaeilgeoirí i ceantair éagsúla. Táthar ag súil go n-athrófar an dóigh a mbaintear feidhm shóisialta as an teanga. Ní mór próifíl a chur ar bun ar dtús chun eolas a thabhairt ar do shuíomh, rud a ligeann don aip dul ar thóir an Ghaeilgeora is gaire duit a bhfuil próifíl socraithe aige.

Is féidir féachaint ar phróifíl an duine nó teachtaireacht a chur chuige. Is féidir an léarscáil idirghníomhach a úsáid chun teacht ar ghnólachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus ar imeachtaí Gaeilge (ranganna, clubanna agus msd.).

Tuilleadh eolais ó <http://anseoapp.com/ie>.



An Ghaeilge i bParlaimint na hEorpa

Tá Martin Schulz, Uachtarán na Parlaiminte Eorpaí, tar éis leagan Gaeilge de shuíomh na Parlaiminte (www.europarl.europa.eu) a chur chun cinn tar éis an scéal a phlé le Feisirí Éireannacha den Pharlaimint (FEPeanna). Tá an suíomh ar fáil faoi láthair i dhá theanga is fiche. Molfaidh sé do Bhiúró Parlaimint na hEorpa an leagan Gaeilge a cheadú ag an gcéad chruinniú eile go luath i Mí an Mheithimh.

Is iad na FEPeanna úd Pat (the Cope) Ó Gallchobhair, Gay Mitchell, Emer Costello agus Martina Anderson. Mar a dúirt Mitchell, is í Parlaimint na hEorpa an t-aon institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a thoghtar go díreach agus dá bhrí sin tá sé de dhualgas uirthi cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach saoránach.

Tá daoine ann a déarfadh nach bhfuil sa mhéid sin ach cuid eile den síorshiombalachas atá ag gabháil leis an nGaeilge. Tá siombalachas ann, cinnte, ach bheadh sé sin le rá faoi gach teanga (fiú na cinn is forleithne) atá le feiceáil ar shuíomh na Parlaiminte. Is féidir a rá freisin, ar ndóigh, gur theip ar an Stát an teanga a chothú sa bhaile agus nach bhfuil á dhéanamh anseo ach an gníomh is fusa agus is lú costas. Mar sin féin, tá mion-Athbheochan ar siúl in Éirinn, agus níl sna gaelscoileanna ach cuid de, gan trácht ar an méid atá ar siúl i dtíortha eile. Tá neartú na Gaeilge san Aontas Eorpach ag teacht go maith leis sin.



Oireachtas na Gaeilge i gCeanada

Seo an tríú bliain as a chéile déanfar ceiliúradh ar chultúr na hÉireann ag Oireachtas na Gaeilge i gCeanada ag deireadh na míosa seo chugainn. Beidh an ócáid ar siúl ó 28 Meitheamh go dtí 30 Meitheamh 2013.

Freastalaíonn an fhéile ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimoírí na Gaeilge as gach cearn. Bíodh súil agat le scéalaíocht, le hagallaimh beirte, le lúibíní, le filíochta, le hamhránaíocht ar an sean-nós, le cúrsaí litríochta agus le rince.

Beidh beirt chluíteach as Conamara ann - an damhsóir Labhrás Sonáí Choilm Learraí as Leitir Mealláin agus an ceoltóir Meataí Joe Shéamais Ó Flátharta as na hAille in Indreabhán (iarbhuaiteoir Corn Uí Riada, píobaire agus fear seinnte fliúite). Beidh Máirín Uí Chéide ann, amhránaí atá ina cónaí i mBostún anois, an scríbhneoir Ray Mac Mánais, John P. Kelly agus Michael Newell, fear de bhunadh Ros Muc atá ina chónaí i mBostún anois. Beidh beirt ó Oireachtas na Gaeilge ann: Máirín Nic Dhonnchadha agus Loretta Ní Churraighín.

Beidh an chuid is mó de na hócáidí ar siúl i nGaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir (Erinsville/Tamworth, Ontario) agus in Óstán Days, Dún Laoghaire (Kingston), Ontario.

Tá a thuilleadh eolais le fáil ar shuíomh Oireachtas Cheanada: www.oireachtas.ca.



Na Gaeil san Íoslainn

De shliocht Ioruach is ea na Íoslannaigh, tríd is tríd. San 8ú haois bhí borradh faoi dhaonra na hIorua, agus thug coilínigh ó iarthar agus ó dheisceart na tíre a n-aghaidh siar ó dheas ar Inse Ghall agus siar ó thuaidh ar an Íoslainn, Inse Orc agus na Scigirí. Bhí na hoileáin sin an-chosúil leis an Iorua i dtaca le haeráid agus tréithe nádúrtha de. Deir *Landnámabók*, cuntas ar áitiú na hÍoslainne, gurbh é Ingólf Arnarson an chéad Lochlannach a lonnigh go buan san Íoslainn, rud a rinne sé, más fíor, sa bhliain 874 AD. Ach deir an saga *Íslendingabók* go raibh manaigh Éireannacha roimhe ann:

Pá vóro hér menn cristner, þeir es Norþmenn kalla papa. en þeir föro á braut, af þuí at þeir vildo eigi vesa við hér heiþna menn, oc léto epter bæcr irscar oc böllor oc bagla. af þuí mátti scilia, at þeir vóro menn írskir.¹

Bhí fir Chríostaí ann a dtugann na Lochlannaigh papar orthu. Agus d'imigh siad toisc nach raibh fonn orthu a bheith ann le págánaigh, agus d'fhág siad leabhair Éireannacha, cloig agus bachaill ina ndiaidh. Is léir uaidh seo gurbh Éireannaigh iad.

Fuair seandálaithe iarsmaí botháin ar leathinis Reykjanes; thaispeáin anailís C14 gur tréigeadh é idir na blianta 770 agus 880 AD. B'fhéidir, mar sin (má ghlacaimid leis an dáta is luaithe), go raibh daoine ann roimh theacht oifigiúil na Lochlannach, agus b'fhéidir gurbh Éireannaigh iad.²

Más iad na manaigh úd ba thúisce a bhain an Íoslainn amach, is gearr go scaipfí an scéal in áiteanna a mbíodh na hIoruach agus na Gaeil i dteagmháil lena chéile – Éire agus Inse Ghall. B'fhéidir, mar sin, nach de thaisme ar fad a tháinig na Lochlannaigh ar an Íoslainn. Pé scéal é, ba bheag an mhoill orthu an áit a ghabháil, agus tháinig a lán acu ó limistéir Ghaelacha.

Thug Ingolf agus a chara Leif Hrodmarsson roinnt daor Éireannach leo (bhí tamall caite acu beirt ina gcreachadóirí in Éirinn); deir an scéal gur éirigh na daoir úd amach agus a thug earraí agus mná na beirte leo chomh fada leis na Westmannaeyar (oileáin fhir an iarthair, nó oileáin na nÉireannach). Deirtear gur lean Leif iad agus mharaigh iad: ach deir scoláirí éigin nach bhfuil sa scéal seo, b'fhéidir, ach iarracht ar chraiceann dheas a chur ar ídiú lonnaitheoirí Éireannacha.³

Tháinig timpeall 400 duine go dtí an Íoslainn ar dtús, agus ainmneacha ar os cionn caoga duine acu a chuirfeadh in iúl go raibh sinsir Éireannacha acu, gan trácht ar leasainmneacha a raibh blas Gaelach orthu. Bhí mórán ban Éireannach i measc a gcuid daor agus is iomaí ginealach a d'fháiscfí astu; agus ba mhínic gaol cleamhnais ag na lonnaitheoirí le muintir na hÉireann. Cuimhnímis ar Ketill flatnefur (*Ketill Clárshrónach*), taoiseach:

Þórunn hyrna hét dóttir Ketils er átti Helgi hinn magri son Eyvindar austmanns og Raföрту dóttur Kjarvals Írakonungs. Unnur hin djúpúðga var enn dóttir Ketils er átti Ólafur hvíti...⁴

Þórunn na nAdharc ab ainm d'iníon le Ketill; phós sí Helgi Tanaí, mac Eyvindar an oirthir agus Rafarta, iníon Kjarval [Cearbhall], ri Éireannach. Iníon eile le Ketill ba ea Unn hin djúpúðga (Unn Chríonna); phós sí Ólafur hvíti (Ólaf Bán)...

Chaith Unn tamall in Éirinn agus thug roinnt daor ar ais léi go dtí an Íoslainn. D'fhuascail sí duine acu, fear darbh ainm Erp:

¹ *Íslendingabók*, caibidil 1: [Ari Þorgilsson](#) (eag. [Valdimar Ásmundarson](#)). [Sigurður Kristjánsson](#) 1891:

<http://archive.org/details/slendingabkersk00smgoog>

² http://www.icelandreview.com/icelandreview/daily_news/A_New_View_on_the_Origin_of_First_Settlers_in_Iceland_0_378670.news.aspx

³ Clements, Jonathan (2005) : *A Brief History of the Vikings*, lgh 141-142. Constable & Robinson Ltd.

⁴ *Laxdaela Saga*, caibidil 1: http://sagadb.org/laxdaela_saga

En yður er það kunnigt að eg hefi frelsi gefið þeim manni er Erpur heitir, syni Melduns jarls. Fór það fjarri um svo stórættaðan mann að eg vildi að hann bæri þræls nafn.⁵

Ach bíodh a fhios agaibh go bhfuil saoirse tugtha agam don fhear úd darb ainm Erp, mac an Iarla Mháeldúin. Mar is fada uaim go dtabharfaí ainm daoir ar fhear chomh huasal sin.

In *Laxdaela Saga* léimid faoi Höskuld, fear a fhilleann ar an Íoslainn ó Éirinn le bean óg. Daor í a cheannaigh sé in Éirinn agus a bheireann mac dó – rud nach dtaitníonn le Jórunn, a bhean chéile san Íoslainn. Bíonn an bhean óg úd ina tost, agus níl a fhios ag Höskuld go bhfuil an chaint aici go dtí go gcloiseann sé ag caint lena mac Ólaf í. Deir sí le Höskuld gurb é an t-ainm atá uirthi Melkorka [Máel-Choirche?].

Hún svarar: ‘Mýrkjartan heitir faðir minn. Hann er konungur á Írlandi. Eg var þaðan hertekin fimmtán vetra gömul’. Höskuldur kvað hana helsti lengi hafa þagað yfir svo góðri ætt.⁶

Dúirt sí: ‘Mýrkjartan [Muirchetach?] is ainm do m’athair. Rí in Éirinn é. Fuadaíodh mé cúig gheimhreadh dhéag ó shin’. Dúirt Höskuld léi gur mhór an mhoill uirthi trácht a dhéanamh ar mhuintir chomh huasal sin.

Éiríonn idir Melkorka agus Jórunn ina dhiaidh sin agus tógann Höskuld teach don bhean óg in áit eile.

Tá tábhacht le taighde géiniteach sna cúrsaí seo, rud a bhaineann le dáileadh na mbeart géiniteach a dtugtar haplaghrúpaí orthu.⁷ Tá haplaghrúpa 1 chun tosaigh in Éirinn, in Albain agus i Sasana, agus tá haplaghrúpaí 2 agus 3 chun tosaigh i dtíortha Lochlannacha. Is minice a fhaightear haplaghrúpa 1 san Íoslainn agus is lú a fhaightear haplaghrúpaí 1 agus 2 ná sna tíortha cearta Lochlannacha.⁸ Ní sinsir Éireannacha amháin is cúis leis seo, ar ndóigh, ach daoine (ar mhná iad a bhformhór) ó Inse na Breataine chomh maith.

Ba dheacair anois muinín iomlán a chur sna sagaí mar fhoinsí staire: tá siad bunaithe ar bhéaloideas agus níl siad glan ó chlaontuairimí na n-údar. Ach is léir uathu nach raibh na Gaeil gann san Íoslainn i ré an áitithe, cé gur shuarach a ngradam. Tá a scéal féin le hinsint ag an DNA; agus beidh scéalta eile fós le hinsint ag na seandálaithe.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

⁵ *Laxdaela Saga*, caibidil 6: http://sagadb.org/laxdaela_saga

⁶ *Laxdaela Saga*, caibidil 13: http://sagadb.org/laxdaela_saga

⁷ Tá haplaghrúpaí déanta de sheichimh DNA a bhfuil an sinsear céanna acu. Tagann na haplaghrúpaí a dtugtar *Y-DNA* orthu anuas ó athair go mac; tagann na cinn a bhaineann le *DNA miteacoindreach* anuas ón máthair go dtí a clann go léir. Ar éigean a athraíonn siad agus iad á seachadadh, agus usáidtear iad chun ginealaigh a rianú dá bharr.

⁸ ‘Estimating Scandinavian and Gaelic Ancestry in the Male Settlers of Iceland’ in *The American Journal of Human Genetics*, 7 Lúnasa 2007: <http://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC1287529/#SC3>

Leagan simplithe

Na Gaeil san Íoslainn

De shliocht Ioruach is ea na Íoslannaigh, tríd is tríd. San 8ú haois AD bhí daonra na hIorua ag méadú, agus scaip na daoine thar lear dá bharr. Thosaigh siad ag cur fúthu san Inse Ghall, in Inse Orc, in Oileáin Fharó, in Éirinn agus san Íoslainn. Deir an saga *Landnámabók* gur lonnaigh Ingólf Arnarson san Íoslainn sa bhliain 874 AD. Ach deir *Íslendingabók*, saga eile, go raibh manaigh Éireannacha ann roimhe sin. D'fhág siad leabhair Éireannacha, cloig agus bachaill ina ndiaidh.

Tá iarsmaí botháin ar leathinis Reykjanes san Íoslainn. B'fhéidir go raibh daoine ina gcónaí ann roimh an mbliain 770 AD, agus b'fhéidir gurbh Éireannaigh iad.

Más iad na manaigh úd ba thúisce a bhain an Íoslainn amach, is garr go scaipfi an scéal in áiteanna a mbíodh na hIoruaigh agus na Gaeil i dteagmháil lena chéile – Éire agus Inse Ghall. B'fhéidir, mar sin, nach de thaisme ar fad a tháinig na hIoruaigh ar an Íoslainn. Thug siad daoir⁹ Ghaelacha leo. Uaireanta bhí gaol cleamhnais¹⁰ ag na hIoruaigh sin le muintir na hÉireann.

Taispeánann taighde géiniteach¹¹ go bhfuil géinte sna hÍoslannaigh a tháinig anuas chucu ó Inse na Breataine agus ó Éirinn, ó tá na géinte¹² sin le fáil níos minice sna háiteanna sin ná san Iorua.

Tá a leagan féin den scéal ag sagaí na hÍoslainne. Tá trácht i gceann acu Ketill flatnefur (*Ketill Clárshrónach*), taoiseach. Bhí cliamhain aige a raibh máthair uasal Éireannach aige. Chaith Unn, iníon eile leis, tamall fada in Éirinn agus thug sí daoir Ghaelacha ar ais léi. Fuair sí amach gur de shliocht uasal é duine de na daoir sin, agus d'fhuascail sí é.

In *Laxdaela Saga* deirtear gur tháinig fear darbh ainm Höskuld ar ais go dtí an Íoslainn ó Éirinn le bean óg. Ba dhaor í a cheannaigh sé in Éirinn. Rug sí mac dó. Níor thaitin an scéal leis an mbean chéile a bhí aige cheana. Bhíodh an bhean óg úd ina tost, ach lá éigin chuala Höskuld ag caint lena mhac í. Ansin dúirt sí le Höskuld gurbh í Melkorka í, agus gur rí Éireannach a athair.

Ní féidir muinín iomlán a chur sna sagaí mar fhoinsí staire. Tá siad bunaithe ar bhéaloideas agus tá claontuairimí iontu. Ach is léir ó na sagaí agus ó fhianaise eile go raibh Gaeil le fáil san Íoslainn.

9 Daoir - slaves

10 Gaol cleamhnais – relationship by marriage

11 Géiniteach - genetic

12 Géinte - genes